

Clár Forbartha Tuaithe LEADER 2014-2020

Gairm ar “Léirithe Spéise” le haghaidh Cúnamh Deontais Pobail luach €364,000

Tá Fobairt Áitiúil Loch Garman (FÁLG) anois ag lorg “Léirithe Spéise” ó iarratasóirí ar mian leo iarratas a dhéanamh ar chúnamh deontais LEADER chun tacú leis an earnáil pobail & dheonach i gCo. Loch Garman. Bainfidh na tionscadail leis na réimsí seo a leanas:

An Cineál Tionscadail	An Buiséad
Cur chun cinn & cosaint na bithéagsúlachta	€60,000
Cosaint & úsáid inbhuanaithe acmhainní uisce	€40,000
Conairí siúil (rianta siúil san áireamh) a fhorbairt	€189,000
Áiseanna don aos óg a fhorbairt	€75,000

Ní mór d’iarratasóirí próiseas iarratais dhá chéim a chur i gcrích:

- Céim 1: Comhlánaigh agus seol isteach foirm “Léiriú Spéise”, ar a mbunófar an cinneadh maidir le an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an togra cuspóirí Straitéis Forbartha Áitiúil Loch Garman, agus Rialacha Oibriúcháin Chláir LEADER.
- Céim 2: Tabharfar cuireadh d’iarratasóirí a n-éiríonn leo ag Céim 1 iarratas iomlán a chur isteach ar a n-áireofar costálacha mionsonraithe, plan forbartha pobail agus doiciméadú gaolmhar de réir mar is gá. Ní chiallaíonn cuireadh chun páirt a ghlacadh sa chéim iarratais go mbronnfar cúnamh deontais ort mar gur próiseas iomaíoch atá i gceist.

Tabhair faoi deara: Cé gurb é €150,000 an t-uasmhéid de chúnamh deontais incháilithe a bhronnfar ar aon tionscadal aonair, i bhfianaise an phróisis iarratais iomaíoch, is dócha go mbeidh an t-uasmhéid cúnamh deontais a thabharfar d’aon tionscadal níos lú ná an méid sin.

Is féidir foirmeacha um Léiriú Spéise a íoslódáil ó www.wld.ie/leader.

Is é an spriocdháta chun foirmeacha um Léiriú Spéise, comhlánaithe, sínithe agus dátaithe a fháil, 12 meán lae, Déardaoin, an 5 Nollaig 2019.

Más spéis leat tuilleadh eolais faoi chritéir incháilitheachta, doiciméadú riachtanach eile, frámaí ama táscacha, etc. seol ríomhphost chuig: leader@wld.ie nó tabhair cuairt ar www.wld.ie



Rialtas
na hÉireann
Government
of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040



The European Agricultural Fund
for Rural Development: Europe
investing in rural areas



Ireland's European Structural and
Investment Funds Programmes
2014-2020

Co-funded by the Irish Government
and the European Union